Ag Obair le Fuaim

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Páirt a ghlacadh i bplé faoi threoir an mhúinteora ar fhuaimeanna éagsúla réamhthaifeadta agus/nó ar fhuaimeanna éagsúla a roghnaíodh. Bunghnéithe de na bogearraí eagarthóireachta fuaime a fhiosrú. (Fiosrú)
- Gearrthóg fuaime a thaifeadadh ag úsáid micreafón USB le cuidiú ón mhúinteoir. (Cur in iúl)
- Fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. (Malartú)
- Labhairt faoin taifeadadh acu, faoi threoir an mhúinteora. (Luacháil)
- An comhad fuaime acu a athsheinm, le cuidiú ón mhúinteoir. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Fuaimeanna réamhthaifeadta a roghnú le húsáid ina gcuid oibre. Sraith treoracha a leanúint agus na bogearraí eagarthóireachta fuaime in úsáid leis an chomhad fuaime nó sampla atá ann cheana a athrú. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo maisíocht amhail lúb a chur isteach i gceist leis seo.* (Fiosrú)
- Fuaim a thaifead agus gléas taifeadta digiteach in úsáid le cuidiú ón mhúinteoir. Fuaimeanna atá ann cheana féin a iompórtáil isteach i mbogearraí eagarthóireachta fuaime agus iad a chur i sraitheog. (Cur in iúl)
- An dóigh le modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh a shainaithint agus labhairt fúthu. (Malartú)
- Labhairt faoin dóigh a bhféadfaí an comhad fuaime acu a fheabhsú, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- An fhuaim acu a shábháil agus/nó í a chur i láthair ar an rang nó ar an ghrúpa le cuidiú ón mhúinteoir. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar mhaisíochtaí fuaime nó samplaí atá saor ó chóipcheart agus iad a roghnú ó fhoinsí digiteacha tugtha. An comhad fuaime a réamhbhlaiseadh agus triail a bhaint as roinnt gnéithe de na bogearraí eagarthóireachta fuaime. Sraith treoracha a leanúint ag úsáid na mbogearraí leis an chomhad a athrú agus/nó le heagarthóireacht a dhéanamh air. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo na bogearraí a úsáid le feidhmeanna éagsúla na n-uirlisí agus na ngnéithe a aimsiú. Uaidh sin, is féidir leo na huirlisí agus na gnéithe a roghnú le húsáid le heagarthóireacht a dhéanamh ar a gcomhad fuaime féin.* (Fiosrú)

- Fuaim a thaifead agus gléas taifeadta digiteach in úsáid. Fuaimeanna atá ann cheana féin a iompórtáil isteach i mbogearraí eagarthóireachta fuaime agus iad a chur i sraitheog. (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo ríomhphoist a chur nó postáil a dhéanamh ar wiki, ar bhlag nó ar shnáithe plé. B'fhéidir go gcuirfí an ríomhphost nó an phostáil chuig múinteoir.* (Malartú)
- Roinnt mionathruithe a dhéanamh lena gcomhad fuaime a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo roinnt tosta agus/nó díchumadh fuaime a bhaint de, fuaim a mhéadú nó samplaí a bhaint de.* (Luacháil)
- Comhadainm a úsáid lena gcomhad fuaime a shábháil agus/nó é a chur i láthair ar an rang nó ar an ghrúpa. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Réimse foinsí digiteacha a úsáid le taighde a dhéanamh ar fhuaimeanna éagsúla agus iad a roghnú le heagarthóireacht a dhéanamh orthu agus lena gcur isteach ina gcuid oibre. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb i mionteagasc an taisc agus í a réiteach. *B'fhéidir go cuimseoidh sé seo amlíne a leagan amach agus/nó seicheamh d'ord seinnte na samplaí agus/nó fuaimeanna a bhailigh siad.* (Fiosrú)
- Fuaim a thaifead agus gléas taifeadta digiteach in úsáid. Fuaimeanna atá ann cheana féin a iompórtáil isteach i mbogearraí eagarthóireachta fuaime agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu/nó iad a chur i sraitheog, agus an spriocghrúpa agus an cuspóir san áireamh. (Cur in iúl)
- Ceann amháin nó níos mó de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo ríomhphost le ceangaltán a chur nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar fhóram díospóireachta.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo triail a bhaint as dóigheanna malartacha eagarthóireachta, scagairí éagsúla agus comhbhrú sula ndéantar cinneadh ar an chur chuige is fearr le glacadh.* (Luacháil)
- An comhad fuaime críochnaithe a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Pacáiste cuí de bhogearraí eagarthóireachta fuaime a roghnú agus réimse uirlisí agus gnéithe a roghnú agus a úsáid. Tuiscint á léiriú ar shaincheisteanna cóipchirt agus maoine intleachtúla, agus taighde a dhéanamh ar fhuaimeanna níos ábhartha le heagarthóireacht a dhéanamh orthu agus lena gcur ina gcuid oibre agus réimse foinsí digiteacha in úsáid. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb i mionteagasc an taisc agus í a réiteach. (Fiosrú)

- Comhad fuaime a chruthú a léiríonn tuiscint ghrinn ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo gearrthóga fuaime a chur i seicheamh ar leith, nó ilrianta a úsáid nó na leibhéil a rialú sa mheascadh dheireanach.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid lena gcuid faisnéise agus a dtáirgí ilmheán a chur in iúl, a mhalartú agus a roinnt, agus comhoibriú ar líne a dhéanamh lena bpiaraí. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo obair ar líne le comhad fuaime a chruthú go comhoibríoch, nó díospóireacht, plé agus/nó idirbheartaíocht a dhéanamh ar líne faoi na samplaí agus/nó maisíochtaí le cur isteach ina gcomhad fuaime féin.* (Malartú)
- An timthriall de 'phleanáil, déanamh agus athbhreithniú' a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo a gcuid oibre a dhearadh, a dhréachtú agus a bheachtú ionas go mbeidh sí ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. B'fhéidir go n-iarrfadh siad ar a bpiaraí a gcomhaid fhuaime a thástáil agus aiseolas a thabhairt dóibh le moltaí maidir le feabhsuithe a spreagadh.* (Luacháil)
- An taifeadadh agus comhaid agus/nó ábhair ar bith atá bainteach leis a eagrú, a stóráil agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh agus sócmhainní níos ábhartha a roghnú lena gcur ina dtáirge fuaime don spriocghrúpa ar leith agus don chuspóir i mionteagasc an tais, trí réimse foinsí digiteacha a úsáid agus tagairtí a chur ar fáil nuair is cuí. Imscrúdú a dhéanamh ar réimse uirlisí agus gnéithe sna bogearraí eagarthóireachta fuaime, ag cur san áireamh an spriocghrúpa ar leith agus an cuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. (Fiosrú)
- Riachtanais an úsáideora a shainaithint agus comhad fuaime a bhfuil réimse gnéithe níos sofaisticiúla agus ilrianta ann a phleanáil, a fhorbairt agus a thástáil , agus caighdeán an chomhaid fuaime a rialú trí chrua-earraí cianrialúcháin agus trí bhogearraí cianrialúcháin a úsáid. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo micreafóin níos fóirsteanaí a roghnú agus/nó an comhad a shábháil i wav nó i bhformáid mp3.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, lena gcuid faisnéise agus a gcuid táirgí ilmheáin a mhalartú agus a roinnt, ag comhoibriú le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go mbeadh comhoibriú le piaraí ar an chomhad fuaime i gceist leis seo, mar shampla é a roinnt i bhfóram díospóireachta agus ligean do rannpháirtithe gnéithe comhoibríocha de na bogearraí a úsáid le tráchtanna agus cosaintí cáilíochta a chur leis.* (Malartú)
- Cosaint a thabhairt ar na bogearraí feidhme a roghnaigh siad leis an tasc a chomhlánú, na malairtí ar smaoinigh siad orthu agus an próiseas a rinne siad leis an chomhad fuaime á tháirgeadh. An dóigh a gcomhlíonann an comhad fuaime acu riachtanais an spriocghrúpa agus an chuspóra atá sainithe a chosaint. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas forbartha a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air, agus na heochairphointí a shainaithint mar a ndearna siad breithiúnais fiúntais a chuir feabhas ar an leagan deiridh den chomhad fuaime.* (Luacháil)

- A gcuid oibre a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar shócmhainní as réimse d'fhoinsí digiteacha a aimsíodh nó a rinneadh agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu maidir le hábharthacht agus cosaint a thabhairt dá bhfoinsí agus tagairt a dhéanamh dóibh. An pacáiste bogearraí agus na gnéithe is cuí le húsáid a roghnú agus a chosaint le freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. (Fiosrú)
- Riachtanais úsáideora a leagan amach go soiléir. Comhad fuaime a bhfuil réimse gnéithe sofaisticiúla agus ilrianta ann a phleanáil, a fhorbairt agus a thástáil, ag rialú an mheasctha eatarthu agus an meascánú deireanach a tháirgeadh. *B'fhéidir go cuimseoidh sé seo cothromaíocht, peanáil srl. á rialú.* (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide lena gcuid faisnéise agus smaointe forbartha a mhalartú, a roinnt, ag comhoibriú le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht iomlán comhoibríoch. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an comhad fuaime a uaslódáil chuig blag le haiseolas a bhailiú ó phiaraí, ó shaineolaithe agus ó úsáideoirí deiridh, agus gníomhú dá réir ar dhóigh thuisceanach le cáilíocht ard agus le hoiriúnacht an táirge nó na faisnéise bailithe a fheabhsú d'úsáideoir deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)
- Riachtanais an úsáideora dheireanaigh agus cuspóir an taisc a shainaithint ó thús, le tuiscint atá ag méadú, agus athbhreithniú a dhéanamh go córasach ar an chomhad fuaime dheireanach i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, agus a shainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh agus cé acu nár comhlíonadh. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo aiseolas a chruinniú ó úsáideoirí deiridh agus beachtú breise a dhéanamh nó moltaí a leagan amach le feabhas a dhéanamh.* (Luacháil)
- Stór digiteach d'obair atá struchtúraithe go loighciúil a bhainistiú agus a chur i láthair, le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iniomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú a chur san áireamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhaid a chúltacú chuig áit mhalartach, leaganacha iolracha a bhainistiú agus formáidí agus taifigh chuí a roghnú.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, san am agus san áit is cuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, ar a n-áirítear iompraíocht atá inghlactha ar líne.